

Dr Chiara Chillè, Conservator of Crawford Art Gallery at work. Photograph by Lost Studios

## Crawford Art Gallery announces a packed Heritage Week programme

**Crawford Art Gallery** announces a diverse programme of events for **National Heritage Week** (15 – 23 August), revealing conservation secrets, celebrating Cork rituals and creating Lúnasa wreaths!

Crawford Art Gallery, in partnership with **Cork City Library,** is celebrating all aspects of our shared heritage with a range of events suitable for all. As well as one online event for national and international audiences, the three in-person events will be hosted in partnership with Cork City Library.

Beginning on the 15 August with a talk by UCC Folklore lecturer Angela Byrne on **Rituals and Traditions in Old Cork**, continuing with Crawford's Conservator Dr Chiara Chillè discussing conservation of the National Collection in Action and finishing with a workshop with artist Seiko Hayase demonstrating how to create a unique harvest wreath inspired by Irish and Japanese traditions.

Earlier this year, Crawford Art Gallery was awarded a 2026 **Heritage Council Conservation Grant** to support the care and preservation of artworks within its collection. As part of the grant, the gallery has invested in specialised equipment that supports detailed examination and documentation of artworks. These additions to the conservation laboratory will support treatment and provide of artworks and the Heritage Week events will provide the public with a fascinating glimpse behind the scenes of art conservation. This work is generously supported by the Heritage Council under the Heritage Stewardship Grant 2026.

Crawford Art Gallery's **Director Mary McCarthy** says,"Conservation is key element of the work of Crawford Art Gallery to ensure our collection, archive and building is maintained to guarantee access for current and future audiences. We continue to expand our knowledge in the areas of preventative conservation so as to require a less interventionist approach in the future. Despite the gallery's temporary closure for our major capital redevelopment, the team continue to engage with local and national festivals throughout the year."

See below or visit the Crawford Art Gallery's website for the full Heritage Week programme and how to book your free space.

**ENDS**

www.crawfordartgallery.ie

**Dyane Hanrahan, Marketing & Communications Manager**

**E:** dyanehanrahan@crawfordartgallery.ie

**T:** +353 (0) 21 4907856 **M:** +353 (0) 86 8278151

**Sorcha O'Brien, Marketing & Communications Executive**

**E:** marketing@crawfordartgallery.ie

**T:** +353 (0) 21 4907856

## Editors Notes

For hi-res captioned images, please click here.

**Crawford Art Gallery Heritage Week Programme:**

**Rituals and Traditions in Old Cork: Insights from the Crawford Art Gallery Collection**

Saturday 15 August, 4pm

Cork City Library

Free/Open to all /No booking required

Join us for a special National Heritage Week talk with Angela Byrne lecturer and PhD student at University College Cork's Department of Folklore & Ethnology as she guides us through old Cork rituals and traditions found in select works from our Collection. This event will take place at the Cork City Library, is free to attend and no booking is necessary.

**Conservation in Action: Documenting Crawford Art Gallery's Collection**

In-person event, Tuesday 18 August, 12.30pm, Cork City Library

Online event, Wednesday 19 August, 12.30pm, Online via Zoom

Free events/**Booking essential**

Discover what secrets lie beneath the surface of artworks…Join Crawford Art Gallery's Dr Chiara Chillè, Conservator, and Dr Micheal Waldron, Curator of

Collections and Special Projects, this Heritage Week for a rare behind-the-scenes look at the research, technology, and expertise involved in caring for and interpreting Ireland's National Collection.
Because caring for a collection isn't just about preserving objects—it's about safeguarding their stories for future generations.

**Harvest Traditions: A Lúnasa Craft Workshop**
Saturday 22 August, 12pm
Cork City Library
Free/**Booking essential**

This National Heritage Week, celebrate Lúnasa with artist Seiko Hayase by creating a unique harvest wreath inspired by Irish and Japanese traditions. In this workshop, you'll use the Nanohana Musubi knot, symbolising strong bonds, to create a wreath inspired by Irish Lúnasa harvest knots while learning techniques to make your own Mizuhiki wreaths in the future. This workshop is free to attend but must be booked in advance. All materials provided.

**About Crawford Art Gallery:**
Crawford Art Gallery is currently closed to the public for a major redevelopment; Transforming Crawford Art Gallery.

Crawford Art Gallery is an Irish National Cultural Institution (NCI) dedicated to contemporary and historic visual art, located in a significant heritage building in the heart of Cork city. Offering a dynamic programme of temporary exhibitions, it also houses a collection of national importance which tells the compelling story of Cork and Ireland over the last three centuries.

Originally built in 1724 as the city's Custom House, the gallery is home to the famous Canova Casts, gifted to Cork two centuries ago. Featured in the gallery's collection of over 3,500 objects are contemporary Irish and international artists Gerard Byrne, Dorothy Cross, Joy Gerrard, Rula Halawani, Isabel Nolan, Kathy Prendergast, Sean Scully, and Nedko Solakov, as well as much-loved works by artists James Barry, Mainie Jellett, Daniel Maclise, Norah McGuinness, Harry Clarke, Seán Keating, John Lavery, Evie Hone, Patrick Scott, Mary Swanzy and Jack B. Yeats.

**About Transforming Crawford Art Gallery:**

Crawford Art Gallery is closed to the public and currently undergoing an exciting capital redevelopment project: Transforming Crawford Art Gallery.

This multi-million euro investment will increase gallery space by almost 50%, preserve and protect three centuries of existing built heritage, and create a cultural legacy for a new century as Cork continues to grow.

The project is a Government of Ireland 2040 project funded by the Department of Culture, Communication and Sport in partnership with the Office of Public Works (OPW).

The award-winning Grafton Architects have worked on a redevelopment design that include a new Learn & Explore facility for public engagement, significant storage for the National Collection, a new entrance, and a dramatically improved public realm including new café facing onto Half Moon Street as well as additional exhibition spaces. The building's entrance will be reoriented to Emmet Place in line with the original Custom House layout dating to 1724. A large new public gallery space will create a new vantage point for visitors to view city centre landmarks including St Anne's, Shandon and St Fin Barre's Cathedral.

For all the latest news on Transforming Crawford Art Gallery, sign up to the newsletter on www.crawfordartgallery.ie or follow the gallery's social media.

National Heritage Week
A Heritage Council programme

Funded by
An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Leabharlanna
Libraries
Comhairle Cathrach Chorcaí | Cork City Council


An Dr Chiara Chillè, Caomhnóir Ghailearaí Ealaíne Crawford, i mbun oibre. Grianghraf le Lost Studios

**Déanann Gailearaí Ealaíne Crawford Seachtain na hOidhreachta a cheiliúradh le clár lom lán**

D'fhógair **Gailearaí Ealaíne Crawford** go reáchtálfaí clár imeachtaí, a bhfuil réimse leathan imeachtaí ann, mar chuid den **tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta** (15 - 23 Lúnasa). Mar chuid den chlár, nochtfar rúin chaomhnaithe, déanfar ceiliúradh ar nósanna Chorcaí, agus cruthófar fleasca Lúnasa!

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford ag obair i gcomhpháirt le **Leabharlann Cathrach Chorcaí** chun ceiliúradh a dhéanamh ar gach gné dár n-oidhreacht choiteann trí réimse imeachtaí a chur ar siúl a bheidh oiriúnach do chách.  Reáchtálfar na trí imeacht bheo i gcomhpháirt le Leabharlann

Cathrach Chorcaí, chomh maith le himeacht amháin ar líne don phobal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cuirfidh Angela Byrne, léachtóir Béaloidis COC, tús leis an gclár ar an 15 Lúnasa agus caint á tabhairt aici ar **Shean-Nósanna agus ar Shean-Traidisiúin Chorcaí**. Ina dhiaidh sin, déanfaidh Caomhnóir Crawford, an Dr Chiara Chillè, plé ar chaomhnú an Bhailiúcháin Náisiúnta. Cuirfidh an t-ealaíontóir Seiko Hayase deireadh leis an gclár trí cheardlann a reáchtáil ar an tslí le fleasc speisialta fómhair a chruthú, ag tarraingt ar thraidisiúin na hÉireann agus na Seapáine.

Níos luaithe i mbliana, bronnadh **Deontas Caomhantais Chomhairle Oidhreachta 2026** ar Ghailearaí Ealaíne Crawford chun tacú le cúram agus le caomhnú na saothar ealaíne mar chuid den bhailiúchán. Mar chuid den deontas, rinne an gailearaí infheistíocht ar threalamh speisialaithe a chabhraíonn le grinnscrúdú agus le doiciméadú na saothar ealaíne. Cuirfidh trealamh nua na saotharlainne caomhnaithe go mór le cóireáil agus le soláthar na saothar. Tabharfaidh imeachtaí na Seachtaine Oidhreachta léargas spéisiúil don phobal ar an gcúlobair a dhéantar ar chaomhnú ealaíne. Tá an Chomhairle Oidhreachta ag tacú go gnaíúil leis an obair seo tríd an gCiste Maoirseachta Oidhreachta 2026.

Deir **Stiúrthóir Ghailearaí Ealaíne Crawford, Mary McCarthy**, "Tá an caomhnú mar chroílár obair Ghailearaí Ealaíne Crawford chun a chinntiú go ndéantar cothabháil ar ár mbailiúchán, ar ár gcartlann agus ar ár bhfoirgneamh chun go mbeidh siad i gcónaí ar fáil don phobal reatha agus don chéad ghlúin eile. Táimid i gcónaí ag cur lenár gcuid eolais maidir le caomhnú coiscteach chun go mbeidh níos lú idirghabhála ag teastáil sa todhchaí. Tá an fhoireann go fóill ag glacadh páirt i bhféilte

áitiúla agus náisiúnta le linn na bliana in ainneoin dhúnadh sealadach an ghailearaí dár dtogra mór athfhorbartha caipitil."

Féach thíos nó téigh ar shuíomh Ghailearaí Ealaíne Crawford chun teacht ar chlár iomlán na Seachtaine Oidhreachta agus conas do thicéad saor in aisce a chur in áirithe.

**CRÍOCH**

www.crawfordartgallery.ie

**Dyane Hanrahan, Bainisteoir Margaíochta & Cumarsáide**
R: dyanehanrahan@crawfordartgallery.ie
T +353 (0) 21 4907856 M +353 (0) 86 8278151


**Sorcha O'Brien, Feidhmeannach Margaíochta & Cumarsáide**
R: marketing@crawfordartgallery.ie
T +353 (0) 21 4907856

## Nótaí don eagarthóir

Más mian leat íomhánna ardtaifeacha a fheiceáil cliceáil anseo.

**Clár na Seachtaine Oidhreachta le Gailearaí Ealaíne Crawford:**

**Sean-Nósanna agus Sean-Traidisiúin Chorcaí: Léargais ó Bhailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford**
Dé Sathairn, an 15 Iúil, 4pm
Leabharlann Cathrach Chorcaí
Ní gá áirithintí a dhéanamh
Bí linn nuair a thabharfaidh Angela Byrne léachtóir ó Roinn Béaloidis & Eitneolaíochta Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, caint speisialta don tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta. Breathnóidh Aoife ar shean-nósanna agus ar shean-traidisiúin Chorcaí mar a fheictear iad i saothar faoi leith ónár mBailiúchán.



Reáchtálfar an t-imeacht seo i Leabharlann Cathrach Chorcaí, ní ghearrfar aon táille ar an imeacht seo agus ní gá áirithintí a dhéanamh.

**Conservation in Action: Bailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford á Thaifead**

Imeacht beo, Dé Máirt 18 Lúnasa, 12.30pm, Leabharlann Cathrach Chorcaí

Imeacht ar líne, Dé Céadaoin 19 Lúnasa, 12.30pm, Ar líne via Zoom

**Imeacht saor in aisce, ach is gá áirithint a dhéanamh**

Nocht na rúin taobh thiar de na saothair ealaíne...Bí ann le Caomhnóir Ghailearaí Ealaíne Crawford, an Dochtúir Chiara Chillè, agus an Dochtúir Micheal Waldron, Coimeadaí Bhailiúcháin agus Tionscadail Speisialta, le linn na Seachtaine Oidhreachta chun léargas uathúil a fháil ar an taighde, ar an teicneolaíocht, agus ar an saineolas a bhíonn i gceist chun plé le Bailiúchán Náisiúnta na hÉireann. Mar tá níos mó i gceist le haire a thabhairt do bhailiúchán ná earraí a choinneáil slán - caithfear a scéalta a chosaint do na glúnta atá le teacht chomh maith.

**Nósanna an Fhómhair: Ceardlann Ceardaíochta Lúnasa**

Dé Sathairn an 22 Lúnasa, 12pm

Leabharlann Cathrach Chorcaí

**Saor in aisce/Is gá áit a chur in áirithe**

Don tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta i mbliana, déan ceiliúradh ar mhí Lúnasa leis an ealaíontóir Seiko Hayase trí fhleasc speisialta fómhair a chruthú, ag tarraingt ar thraidisiúin na hÉireann agus na Seapáine. Mar chuid den cheardlann, úsáidfear snaidhm Nanohana Musubi - siombail de naisc láidre - chun fleasc a chruthú bunaithe ar snaidhmeanna traidisiúnta fómhair na hÉireann, agus teicnící nua a fhoghlaim chun do chuid fleasc Mizuhiki féin a dhéanamh amach anseo. Tá an cheardlann seo saor in aisce le freastal air, ach ní mór é a chur in áirithe roimh ré. Cuirfear gach ábhar ar fáil.

**Maidir le Gailearaí Ealaíne Crawford**

Tá an Gailearaí dúnta faoi láthair don phobal chun plean mór athfhorbartha a chur i gcrích; Claochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford

Is institiúid chultúrtha náisiúnta é Gailearaí Ealaíne Crawford atá suite i bhfoirgneamh oidhreachta suntasach i gcroílár chathair Chorcaí, agus atá tiomnaithe do na hamharc-ealaíona, idir stairiúil agus chomhaimseartha. Agus é ag cur clár fuinniúil taispeántas sealadach ar fáil, tá bailiúchán náisiúnta tábhachtach faoina dhíon freisin a insíonn scéal spéisiúil Chorcaí agus na hÉireann le trí chéad bliain anuas.

Tógadh ar dtús i 1724 é mar Theach Custaim na cathrach agus tá Múnlaí cáiliúla Canova ar taispeáint sa Ghailearaí, a bronnadh ar Chorcaigh dhá chéad bliain ó shin. I measc bhailiúchán an ghailearaí, tá os cionn 3,500 saothar ó ealaíontóirí comhaimseartha na hÉireann agus idirnáisiúnta Isabel Nolan, Gerard Byrne, Joy Gerrard, Rula Halawani, Kathy Prendergast, Dorothy Cross, Sean Scully agus Nedko Solakov mar aon leis na saothair ó na healaíontóirí a bhfuil an-tóir orthu James Barry, Mainie Jellett, Daniel Maclise, Norah McGuinness, Harry Clarke, Seán Keating, John Lavery, Evie Hone, Patrick Scott, Mary Swanzy agus Jack B. Yeats.

**Maidir le Claochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford:**

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford dúnta ó Mheán Fómhair 2024 chun tabhairt faoi thogra athfhorbartha caipitil a bheidh go hiontach ar fad: Claochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford.

Cuirfidh an infheistíocht, ar fiú na milliúin euro é, beagnach 50% breise le spás an ghailearaí, agus déanfaidh sé trí chéad bliain d'oidhreacht thógtha a chaomhnú agus a chosaint, agus cruthófar oidhreacht chultúrtha don ghlúin amach romhainn de réir mar a bheidh Corcaigh ag leanúint ag fás.

Is togra de chuid Thograí Rialtas na hÉireann 2040 é atá ag fáil maoiniú ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW).

Tá Ailtirí Grafton a bhfuil gradaim bainte acu tar éis obair a dhéanamh ar dhearadh athfhorbartha lena n-áirítear áis Foghlama agus Fiosraithe nua le rannpháirtíocht ghníomhach, stóráil shuntasach don Bhailiúchán Náisiúnta, bealach isteach nua, agus spás poiblí a bheidh feabhsaithe go mór lena n-áirítear caifé nua ar Shráid na Leathghealaí chomh maith le spásanna taispeántas breise. Beidh bealach isteach an fhoirgnimh curtha ar ais go Plás Emmet de réir leagan amach Theach an Chustaim a chuaigh siar go 1724. Cruthófar spás gailearaí mór nua, a chruthaíonn radharc do chuairteoirí chun féachaint ar shainchomharthaí i lár na cathrach lena n-áirítear Ardán San Anna, An Seandún agus Ardeaglais Naomh Fionnbarra.

Chun níos mó eolais a fháil ar Chlaochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford, is fearr clárú do nuachtlitir an ghailearaí ar www.crawfordartgallery.ie nó lean sinn ar mheáin shóisialta an ghailearaí.

National Heritage Week
A Heritage Council programme

Funded by
An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Leabharlanna
Libraries
Comhairle Cathrach Chorcaí | Cork City Council